2026/745

26.3.2026

CINNEADH (CBES) 2026/745 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 24 Márta 2026

maidir le glacadh le rannchuidiú tríú Stát le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/3/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis na rannchuidithe atá beartaithe ó thríú Stáit le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAFOR ASPIDES), ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh.

(2) Tar éis moltaí a fháil ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh i dtaca le rannchuidiú ó Ríocht na hIorua, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú sin agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Glactar le rannchuidiú ó Ríocht na hIorua le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES), agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Ríocht na hIorua díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh le buiséad EUNAVFOR ASPIDES.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.